CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Tuairim 04/2022

(de bhun Airteagal 287(4) agus 322(1)(a), CFAE)

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 [2022/0164 (COD)]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-05
Barúlacha ginearálta	06-07
Barúlacha sonracha	08-74
Cuspóirí agus dearadh REPowerEU	08-17
Cuspóirí REPowerEU	08-14
Measúnú tionchair agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit	15-17
Cistiú agus leithdháileadh airgeadais	18-36
REPowerEU a chistiú	18-31
Leithdháileadh airgid	32-36
Caibidlí REPowerEU	37-59
An próiséas maidir le caibidlí REPowerEU a thíolacadh	37-38
Ábhair chaibidlí REPowerEU	39-49
Measúnú na gcaibidlí REPowerEU	50-59
Tuairisciú, faireachán agus meastóireacht	60-74
Tuarascálacha maidir le caibidlí REPowerEU a chur chun feidhme	61-63
Faireachán ag an gCoimisiún	64-72
Meastóireachtaí	73-74

Réamhrá

01 Mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá méadú tagtha ar ábhair imní maidir le slándáil fuinnimh agus tá aird tarraingthe ar spleáchas an Aontais ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis. Mar fhreagairt air sin, i mí an Mhárta 2022, d'iarr an Coimisiún go gcuirfí deireadh de réir a chéile le hallmhairí de bhreoslaí iontaise ón Rúis agus go gcuirfí dlús leis an gComhaontú Glas don Eoraip[1]. Ina dhiaidh sin, chinn an Chomhairle Eorpach gur cheart don Aontas Eorpach deireadh iomlán de réir a chéile a chur le spleáchas ar ghás, ola agus gual ón Rúis a luaithe agus is féidir agus d'iarr sí ar an gCoimisiún plean a mholadh faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2022.

02 An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún plean i láthair ar a dtugtar REPowerEU[2] – treochlár ina leagtar amach bealach chun córas fuinnimh níos athléimní agus fíor-Aontas Fuinnimh a bhaint amach trí dheireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise agus trí dhlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan. Tá na bearta sa phlean ceaptha freagairt do na huaillmhianta sin le coigiltis fuinnimh, éagsúlú sna soláthairtí fuinnimh, dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite le teacht in ionad breoslaí iontaise i dtithe, sa tionsclaíocht agus i nginiúint cumhachta, agus fuinneamh glan a tháirgeadh.

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún "REPoweverEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe", COM(2022) 108.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún "Plean REPowerEU", COM(2022) 230.

03 Mar chuid den tionscnamh sin, tá togra le haghaidh Rialachán o Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle foilsithe ag an gCoimisiún chun Rialachán (AE) 2021/241 a leasú a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le Rialachán (AE) 2021/1060[3], Rialachán (AE) 2021/2115[4], Treoir 2003/87/CE[5] agus Cinneadh (AE) 2015/1814[6] [2022/0164 (COD)].

04 Moltar sa togra go n-úsáidfeadh Ballstáit a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna) mar chlár straitéiseach chun athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh chun comhghníomhaíocht Eorpach a áirithiú ar mhaithe le córas fuinnimh níos athléimní, níos sláine agus níos inbhuanaithe. Áireofaí bearta nua chuige sin i gcaibidil nua REPowerEU a chuirfí leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta atá formheasta.

05 I gcomhréir leis an iarraidh a fuarthas ó Choiste um Rialú Buiséadach Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá measúnú sa tuairim seo ar dhearadh foriomlán REPowerEU, ar oiriúnacht na leasuithe atá beartaithe agus ar na rioscaí cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann. Cé go ndíríonn sé ar an togra ón gCoimisiún, cuirtear san áireamh ann freisin an comhaontú polaitiúil a aontaíodh sa Chomhairle Eorpach, an 8 Márta 2022.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/1060 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

[4] Rialacháin (AE 2021/2115) lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a dhréachtóidh na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013.

[5] Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim chun lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle.

[6] Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE.

Barúlacha ginearálta

06 Is é ár gconclúid go dtugtar forléargas cuimsitheach sa togra ar an gcomhthéacs agus na príomhdhúshláin, chomh maith leis an bpróiseas as a dtáinig an togra. Moltar ann bearta ábhartha a chur chun feidhme i gcreat na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus, dá bhrí sin, leas a bhaint as struchtúracha atá ar bun cheana féin.

07 Tugaimid ar aire, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh dúshláin ag baint le REPowerEU a chur chun feidhme mar atá beartaithe faoi láthair mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- cé go spriocdhíríonn REPowerEU ar an Aontas ina iomláine, tá RRF á chur chun feidhme trí bhearta atá á gcur ar aghaidh ag na Ballstáit. Tá riosca ag baint leis sin i dtaca leis an bhfreagairt straitéiseach ar na dúshláin atá romhainn agus d'fhéadfadh siad aird a tharraing ar thosaíochtaí Bhallstáit aonair seachas tosaíochta an Aontais ina iomláine;

- d'fhéadfadh sé nach mbeadh tráthchlár teoranta RRF, in éineacht leis an am atá ag teastáil chun na leasuithe ar RRF a thíolacadh agus a fhormheas, oiriúnach do chuspóirí REPowerEU;

- níl sé soiléir faoi láthair an mbeidh na cistí atá ar fáil i gcomhréir le cuspóirí uaillmhianacha REPowerEU agus na riachtanais infheistíochta comhfhreagracha, go háirithe mar gheall go mbeadh ar Bhallstáit na hiasachtaí RRF atá fágtha a úsáid nó na cistí a aistriú ó bheartais eile de chuid an Aontais;

- i ndáil leis sin, ní thugann na heochracha leithdháilte atá beartaithe chun cistí a dháileadh ar Bhallstáit aghaidh ar dhúshláin agus cuspóirí REPowerEU atá ann faoi láthair ná ar riachtanais infheistíochta sonracha na mBallstát.

- ós rud é go ndírítear go láidir sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar chuspóirí glasa agus ar an aeráid, d'fhéadfaí ceann de chroíluachanna REPowerEU a chur i mbaol dá dtabharfaí isteach díolúine ghinearálta ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" maidir lena bhearta.

Barúlacha sonracha

Cuspóirí agus dearadh REPowerEU

Airteagal 1 den togra lena leasaítear Airteagail 4 agus 18(4)(q) de Rialachán RRF; lena dtugtar isteach Airteagal 21c nua agus Iarscríbhinn 1 nua a ghabhann leis an togra

Príomhphointí

- Beidh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach ag brath ar ghníomhaíochtaí comhlántacha ar gach leibhéal
- Cuireann tráthchlár RRF srian le roinnt cuspóirí REPowerEU
- Bhí an comhairliúchán le geallsealbhóirí teoranta do na Ballstáit.

Cuspóirí REPowerEU

Na cuspóirí a bhaint amach

08 Is é cuspóir ginearálta REPowerEU ná *athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus soláthair fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais*[7]. Chuirfí an cuspóir sin chun feidhme leis an RRF trí bearta ábhartha a áireamh i gcaibidlí REPowerEU de RRPanna[8].

09 Tagraíonn cuspóir ginearálta REPowerEU don Aontas ina iomláine. Seachas tionscadail straitéiseacha a shainaithint, ar dócha go rannchuideodh siad leis an gcuspóir ginearálta sin, chuirfí REPowerEU chun feidhme trí bhearta a bheadh curtha ar aghaidh ag na Ballstáit. Tá rioscaí ag baint leis sin i dtaca leis an gcur chuige maidir le REPowerEU agus i dtaca lena chuspóir foriomlán a bhaint amach.

---

[7] Airteagal 1 den togra, lena leasaítear Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an RRF.

[8] Airteagal 21c(1) nua den rialachán leasaithe.

10 Moltar sa togra an bonneagar agus na háiseanna fuinnimh a fheabhsú chun freastal ar riachtanais soláthair láithreacha d'ola agus gás. Tuigimid go bhféadfadh sé go mbeadh gá le roinnt bearta práinneacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghearrthéarmacha. Níl infheistíochtaí i mbonneagair do bhreoslaí iontaise i gcomhréir, áfach, le cuspóir níos fadtéarmaí REPowerEU spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, nó le béim láidir RRF ar an aistriú glas, lena sonraítear nach mór go rannchuideodh 37 % ar a laghad de dháileadh RRF le cuspóirí aeráide.

11 Chun sineirge agus comhlántacht a áirithiú, ba cheart go gcuirfí faisnéis ar fáil i gcaibidlí REPowerEU maidir le gníomhaíochtaí chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach a fhaigheann maoiniú, ní tríd an RRF, ach trí chistí náisiúnta eile nó cistí eile de chuid an Aontais[9]. Is geal linn go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiúin forléargas a fháil ar na gníomhaíochtaí ábhartha, ós rud é go mbeidh rath REPowerEU ag brath ar ghníomhaíocht chomhlántach ar gach leibhéal. Maidir le roinnt de na bearta sin, áfach, go háirithe na bearta sin a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí náisiúnta, ní thiocfaidh siad faoi fhaireachán agus socrúcháin rialaithe RRF.

Tráthchlár

12 Áirítear sa togra tacar cuspóirí lena gcomhcheanglaítear bearta gearrthéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála agus soláthair láithreacha, go príomha trí bhonneagar agus áiseanna fuinnimh a fheabhsú, chomh maith le bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha atá dírithe, mar shampla, ar éifeachtúlacht fuinnimh, scrogaill tarchurtha agus athcháiliú an lucht saothair.

13 Sonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra gur cheart do na bearta in REPowerEU "*rannchuidiú go héifeachtach le slándáil sholáthar an Aontais don Aontas ina iomláine, go háirithe trí sholáthar fuinnimh a éagsúlú nó an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030*". Tugaimid ar aire go bhfuil tráthchlár 2030 éagsúil ón tréimhse incháilitheachta don RRF, a dtiocfaidh críoch leis in 2026.

14 A mhéid a bhaineann leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí fadtéarmacha REPowerEU, tugaimid ar aire go bhféadfadh sé nach mbeidh a gcur chun feidhme iomlán indéanta laistigh den RRF, a dtiocfaidh críoch leis in 2026. Cé go gcuideoidh an RRF chun infheistíochtaí gearrthéarmacha a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le cuspóirí REPowerEU a chur chun feidhme freisin trí infheistíochtaí a fhaigheann maoiniú ó chlár eile de chuid an Aontais.

---

[9] Roinn 5 den mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra.

Measúnú tionchair agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit

15 Molann na treoirlínte maidir le rialú níos fearr measúnuithe tionchair a úsáid mar chuid den anailís chuimsitheach ar roghanna maidir le dearadh agus cur chun feidhme. Ina ainneoin sin, ní dhearnadh measúnú tionchair tiomnaithe ná comhairliúchán le geallsealbhóirí don togra. Aontaímid leis an gCoimisiún, áfach, go mbeadh measúnú tionchair cuimsitheach ar REPowerEU deacair laistigh de thráthchlár chomh teoranta sin.

16 Tugann an togra isteach ceanglas go ndéanfaidh Ballstáit comhairliúchán nuair atá a RRPanna á dhréachtú acu agus go gcuirfidh siad achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin sin ar fáil i gcaibidil REPowerEU, ina míneofar toradh na gcomhairliúchán agus conas a cuireadh ionchur na ngeallsealbhóirí san áireamh[10].

17 Cé go bhféadfadh an t-am atá ag teastáil chun caibidlí REPowerEU a fhorbairt agus a thíolacadh a mhéadú, is geal linn rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta. Níl sé soiléir, áfach, a mhéid a bhféadfadh an Coimisiún idirghabháil a dhéanamh agus conas a bhféadfadh sé idirghabháil a dhéanamh i gcás nach bhfuil aghaidh tugtha ag Ballstát ar thuairimí agus ábhair imní na ngeallsealbhóirí ar bhealach leormhaith.

[10] Aithris 12 agus Airteagal 1(3) den togra.

Cistiú agus leithdháileadh airgeadais

REPowerEU a chistiú

Airteagal 1 den togra lena leasaítear Airteagal 14 de rialachán RRF; lena dtugtar isteach Airteagail 21a agus 21b; Airteagail 2, 3, 4 agus 5 den togra; agus aithris 14-18 agus 20 den togra

Príomhphointí

- Tá an cistiú iomlán neamhchinnte agus d'fhéadfadh sé a bheith idir €20 billiún agus €275 billiún
- Ní chlúdóidh cistiú breise (€20 billiún) ach cuid an-bheag de na riachtanais infheistíochta iomlána
- D'fhéadfadh na dreasachtaí chun an chomhpháirt iasachta a úsáid a bheith teoranta do roinnt Ballstát

18 Tá meastachán déanta ag an gCoimisiún go mbeidh €210 billiún d'infheistíocht bhreise ag teastáil do REPowerEU, go háirithe chun deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí de bhreosla iontaise ón Rúis faoi 2027[11]. Tá sé beartaithe go gcisteofar na riachtanais bhreise ó roinnt foinsí éagsúla agus go mbeidh cistí uasta de €274.4 billiún ar fáil uathu sin:

- €20 billiún de dheontais trí lámháltais Chóras Trádála Astaíochtaí (CTA) an Aontais a dhíol;
- suas le €26.9 billiún de dheontais ó aistrithe deonacha ó chistí comhtháthaithe;
- suas le €7.5 billiún de dheontais ó aistrithe deonacha ó chistí forbraíochta tuaithe;
- suas le €220 billiún trí na hiasachtaí RRF atá fágtha.

[11] Bileog eolais "REPowerEU a chistiú".

19 Tarraingímid aird ar an bhfíoras go bhfuil na foinsí sin go léir, seachas lámháltais CTA, lasmuigh de rialú an Choimisiúin, ós rud é go bhfuil siad ag brath ar na Ballstáit cistí a aistriú ó réimsí beartais eile nó an chuid atá fágtha d'iasachtaí RRF a úsáid. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an cistiú iomlán atá ar fáil a bheith i bhfad níos ísle, agus níl aon chinnteacht ann an mbeidh sé leordhóthanach chun na riachtanais infheistíochta measta de €210 billiún a chlúdach.

Tacaíocht deontais – ioncam nua ó lámháltais CTA a dhíol

20 Dar leis an togra, chisteodh an Coimisiún cuid de dheontais REPowerEU trí €20 billiún a ardú (de réir na praghsanna faoi láthair) ó lámháltais CTA atá i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a dhíol. Ní chlúdódh sé sin ach méid bheag de na riachtanais mheasta.

21 Is rannchuiditheoir ríthábhachtach é CTA i dtreo chuspóir beartais aeráide an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach. Is é cuspóir Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ná cuidiú chun an CTA a chobhsú trí liúntais bhreise a bhaint nuair atá an iomarca díobh ann agus iad a shaoradh nuair nach bhfuil go leor díobh ann.

22 I dtuarascáil speisialta 2020 uainn maidir le CTA[12], mholamar gur cheart don Choimisiún leithdháileadh lamháltais saor in aisce a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus an mhodheolaíocht do thagarmharcanna a fheabhsú. Leis an togra, leathnódh an leasú ar Chinneadh (AE) 2015/1814 amach an ráta iontógála atá ann faoi láthair do Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh go dtí 2030 agus ceadódh sé roinnt lámháltas a shaoradh agus a dhíol agus ioncam breise a ghiniúint le haghaidh RRF. Ag na rátaí trádála le déanaí (idir €80 agus €100/tCO2e), chun €20 billiún a ardú, beidh sé riachtanach idir 200 agus 250 milliún lámháltas breise a chur i gcúrsaíocht faoi 2030.

23 Trí Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a úsáid chun ioncam breise a ardú, agus méideanna móra de lamháltais a chur ar ais ar an margadh, d'fhéadfaí an bonn a bhaint ó chuspóir bunaidh an Chúlchiste tacú le praghsanna carbóin agus margadh CTA an Aontais a mhíshocrú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé dreasachtaí a laghdú chun cistiú malartach a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe.

[12] Tuarascáil speisialta 18/2020: "Córas AE maidir le Trádáil Astaíochtaí – bhí gá le spriocdhíriú níos fearr ar leithdháileadh lámháltais saor in aisce", moltaí 1 agus 2.

Tacaíocht deontais – Aistrithe ó bheartas comhtháthaithe an Aontais agus cistí forbraíochtaí tuaithe

24 Leis an togra, tugtar isteach an fhéidearthacht chun suas le 7.5 % bhreise de leithdháiltí tosaigh na mBallstát ó chiste an bheartais comhtháthaithe a aistriú chun tacú le gníomhaíochtaí REPowerEU faoin RRF[13]. Thabharfadh sé sin isteach suas le €26.9 billiún, go príomha ó CRFE. Bheadh an méid breise sin faoi choinníoll go n-úsáidfí go hiomlán an sásra atá ann cheana chun suas le 5 % (€17.7 billiún) de chistiú comhtháthaithe a aistriú chuig ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. D'úsáidfí leithdháiltí aistrithe chun leasa an Bhallstáit údarúcháin.

25 Ar an gcuma céanna, ceadaítear leis an togra 12.5 % de chistiú CETFT a aistriú go RRF, suas go dtí uasteorainn de €7.5 billiún ar fud na mBallstát.

26 Bheadh an dá aistriú breise ar bhonn deonach. Maidir leis an bhfíoras nach bhfuil comhchistiú náisiúnta ag teastáil le haghaidh bearta REPowerEU, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhreasacht do Bhallstáit chun na haistrithe sin a dhéanamh. D'fhéadfadh ath-leithdháileadh cistí ó leibhéal réigiúnach go leibhéal náisiúnta sna Ballstáit a bheith mar thoradh air sin, áfach, ós rud é go gcuirtear cistí an bheartais comhtháthaithe agus CETFT chun feidhme trí chláir náisiúnta agus réigiúnacha, agus nach gá go mbeadh comhpháirt réigiúnach i gceist le REPowerEU. Mar sin, d'fhéadfadh drogall a bheith ar údaráis réigiúnacha glacadh leis na haistrithe sin a dhéanamh.

27 Ina theannta sin, ceanglaítear leis an togra agus leis na treoirlínte ón gCoimisiúin go rannchuideodh cistí CETFT le cuspóirí CBT mar sin féin. Tá an méid sin i gceist chun an riosca a eisiamh go gcuirfeadh aistrithe bac ar na cuspóirí sin. Níl aon ailíniú den chineál sin i gceist leis an gcomhtháthú, áfach, ach amháin má bhíonn an aistriú scríofa isteach sa chomhaontú comhpháirtíochta cheana féin. Ní gá go rannchuideodh cistí a aistrítear ó chlár leasaithe le cuspóirí an chláir sin.

28 Mar thoradh air sin, beidh an fhéidearthacht chun aistrithe deonacha de chistiú comhtháthaithe agus tuaithe a dhéanamh chuig RRF ag brath ar chinneadh beartais lena bhféadfaí an fháil ar chistiú a laghdú do chuspóirí comhtháthaithe agus forbraíochta tuaithe eile.

[13] Airteagal 2(5) den togra.

Tacaíocht iasachta – trí na hiasachtaí RRF atá fágtha

29 Molann an Coimisiún freisin bearta REPowerEU a chistiú ó na hiasachtaí RRF atá fágtha. As an €385.8 billiún atá curtha ar fáil le haghaidh iasachtaí faoin RRF, tá €165 billiún iarrtha ag na Ballstáit go dtí seo, a fhágann suas le €220 billiún ar fáil le haghaidh REPowerEU. Ós rud é nach bhfuil ach seacht mBallstát tar éis iasacht a iarraidh go dtí seo, agus gur féidir leis na Ballstáit eile amhlaidh a dhéanamh go dtí 31 Lúnasa 2023[14], d'fhéadfadh sé tarlú fós go dtiocfaidh laghdú mór ar méid na n-iasachtaí atá fós ar fáil le haghaidh bearta REPowerEU.

30 Chun go bhfaigheadh an Coimisiún meastachán ar an sciar de na hiasachtaí atá ar fáil, bheadh ar na Ballstáit a chur in iúl go bhfuil sé i gceist acu iarraidh ar iasacht a thíolacadh 30 lá ar a laghad tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithe. Ní bheadh san fhaisnéis sin ach meastachán, áfach. Dá bharr sin, ní bheadh an méid atá ar fáil go hiarbhír ar eolas go dtí an spriocdháta 31 Lúnasa 2023 chun iarrataí ar iasachtaí a thíolacadh.

31 Maidir leis an gceist an mbainfidh na Ballstáit úsáid as na hiasachtaí atá fágtha, tá sé sin ag brath ar roinnt toisc, go háirithe coinníollacha iasachta nó a riachtanais cistithe breise nó cóimheas fiachais. Dá bharr sin, is dócha go mbeidh éagsúlachtaí ann maidir le tarraingteacht iasachtaí. Go ginearálta, ní dócha go mbainfidh Ballstáit le coinníollacha iasachta níos fabhracha ná na coinníollacha ar féidir leis an Aontas a ofráil úsáid as na hiasachtaí atá ar fáil.

Leithdháileadh airgid

Airteagal 1 den togra lena leasaítear Airteagal 14 de rialachán RRF; lena dtugtar isteach Airteagail 21a agus 21b; Airteagail 2, 3, 4 agus 5 den togra; agus aithris 14-18 agus 20 den togra

Príomhphointí

- Níl nasc díreach idir an eochair leithdháilte le haghaidh deontais agus iasachtaí, agus cuspóirí REPowerEU.
- Níl an sásra leithdháilte don chuid eile de na hiasachtaí RRF soiléir go fóill.

[14] Airteagal 14 de Rialachán 2021/241.

Leithdháileadh deontas

32 Moltar sa togra[15] go ndéanfaí sciar na mBallstát de dheontais a ríomh ar bhonn na heochrach leithdháilte RRF a shainítear in Airteagal 11 de Rialachán 2021/241. Mar thoradh air sin, leithdháilfí 70 % de sciar an deontais bunaithe ar dhaonra, inbhéarta OTI per capita agus ráta dífhostaíochta gach Ballstáit. Leithdháilfí an 30 % eile bunaithe ar dhaonra, inbhéarta OTI per capita agus, i gcion comhionann, an t-athrú san fhíor-OTI in 2020 agus an t-athrú comhiomlánaithe san fhíor-OTI do thréimhse 2020-2021.

33 Mar sin, níl nasc díreach idir an eochair leithdháilte atá beartaithe agus riachtanais infheistíochtaí REPowerEU ná a chuspóir chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus soláthair fuinnimh a éagsúlú. Mar shampla, ní chuireann sé san áireamh an ráta spleáchais fuinnimh[16], go háirithe spleáchas ar an Rúis, dá bhfuil éagsúlacht shuntasach ann idir na mBallstát (féach ***Fíor 1***), nó an ráta athnuaiteán sa mheascán fuinnimh do gach Ballstát, a bhfuil réimse idir 10 % go dtí níos mó ná 90 % ann.

[15] Airteagal 21(a)(2) de Rialachán leasaithe 2021/241.

[16] Léiríonn an ráta spleáchais fuinnimh an sciar den fhuinneamh a bhfuil ar gheilleagar a allmhairiú.

Fíor 1 – An sciar d'allmhairí iomlán fuinnimh an Aontais a thagann ó Chónaidhm na Rúise vs an sciar measta de dheontais ag úsáid eochair leithdháilte RRF



* Níl aon fhaisnéis ar fáil maidir leis an Ostair.

Foinse: CIE bunaithe ar https://ec.europa.eu/eurostat/cache/infographs/energy/bloc-2c.html?lang=ga agus https://ec.europa.eu/info/files/updated-member-states-grant-allocation-based-eurostat-outturn-data-2020-and-2021_ga.

Leithdháileadh iasachtaí

34 Ní athraíonn an togra an fhoirmle don chomhpháirt iasachta atá faoi riail Airteagal 14(5) de Rialachán 2021/241. Dá bharr sin, is féidir le gach Ballstát iasachtaí suas le 6.8 % dá OIN 2019 a iarraidh. Mar is amhlaidh i gcás deontais, ní bhaineann an leithdháileadh le cuspóirí REPowerEU.

35 Foráiltear i Rialachán RRF don fhéidearthacht chun méid na n-iasachtaí a mhéadú faoi imthosca eisceachtúla. I gcomhréir leis an leasú atá beartaithe ar Airteagal 14(6), ba cheart go gcuirfí san áireamh maidir leis an méadú sin riachtanais an Bhallstáit is iarrthóir agus na hiarrataí atá beartaithe nó atá curtha isteach cheana ag Ballstáit eile. I gcleachtas, ceadaítear leis sin an chuid atá fágtha de chomhpháirt iasachta RRF a ath-leithdháileadh ar Bhallstáit eile.

36 Ní soiléir conas a dhéanfaí na hiasachtaí gan aisíoc a ath-leithdháileadh i measc na mBallstát, ós rud é nach dtugtar ach treoirphrionsabail (cóir comhionann, dlúthpháirtíocht, comhréireacht agus trédhearcacht) in Airteagal 14(6), gan aon sonraí breise maidir le conas na treoirphrionsabail sin a chur chun feidhme i gcleachtas.

Caibidlí REPowerEU

Airteagal 1 lena dtugtar isteach Airteagal 21c nua agus aithrisí 4-8, 10-11 agus 13-14 den togra

Na príomhphointí

- Níl sé éigeantach caibidlí REPowerEU a chur isteach.
- Cuireann eisceacht ghinearálta do chuid de na bearta REPowerEU ón bprionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” cuspóirí glasa na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) i mbaol.
- Tá príomhról ag tionscnaimh trasteorann maidir le cuspóirí a bhaint amach, ach d'fhéadfadh sé nach gcuirfear san áireamh iad go córasach i gcaibidlí REPowerEU
- Mar gheall ar an am a bheidh ag teastáil don mheasúnú, is dócha nach mbeidh cistí ar fáil go dtí deireanach in 2023
- Fágann an critéar nua maidir le measúnú a dhéanamh ar chaibidlí REPowerEU spás chun breithiúnas cáilíochtúil a dhéanamh

An próiséas maidir le caibidlí REPowerEU a thíolacadh

37 Bunaítear le Rialachán 2021/241 na coinníollacha ina bhféadann Ballstáit a RRP a mhodhnú[17]. I ***dtábla 1*** tugtar forléargas ar na cúiseanna féideartha a leagtar síos i Rialachán 2021/241 maidir le RRP a mhodhnú.

Tábla 1 – Imthosca lena gceadaítear leasú a dhéanamh ar RRP

Cineál an leasaithe	Cúis an leasaithe	Foráil i Rialachán 2021/241
Leasú Ginearálta	Is é an toradh a bhíonn ar ríomh leithdháileadh deiridh chistiú RRF ná go ndéantar coigeartú suas nó síos ar an leithdháileadh ar an mBallstát atá i gceist	Airteagal 11(2)
	Iarann Ballstát iasacht (bhreise)	Airteagal 14(4)
	Iarann Ballstát leasú ar an mbonn nach bhfuil garspriocanna agus spriocanna san RRP indéanta níos mó mar gheall ar imthosca oibiachtúla	Airteagal 21(1)
Caibidlí REPowerEU*	Molann Ballstát bearta REPowerEU agus iarann sé an cistiú breise dá dtagraítear in Airteagal 21a de Rialachán 2021/241.	Airteagal 14
	Molann Ballstát bearta REPowerEU agus déanann sé cistiú comhtháthaithe nó CETFT a aistriú	Airteagal 18
	Is féidir leis na Ballstáit méadú i dtacaíocht iasachta atá níos mó ná 6.8 % de OIN 2019 a iarraidh	Airteagal 14(6)

* Tíolacadh éigeantach i gcás aon cheann de na leasuithe ginearálta.

Foinse: CIE

38 Bheadh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit a chuireann iarratas isteach chun a RRPanna a mhodhnú tar éis theacht i bhfeidhm thogra caibidil REPowerEU á chur san áireamh. Ní bheadh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit, nach ndéanann iarraidh den sórt sin caibidil REPowerEU a chur isteach, áfach. D'fhéadfadh sé seo an bonn a bhaint de chuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

[17] Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

Ábhair chaibidlí REPowerEU

Moltaí tírshonracha

39 Sonraítear i Rialachán 2021/241 go *meastar go rannchuideoidh RRPanna le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó fothacar suntasach dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha* (CSRanna) a glacadh sa tSeimeastar Eorpach[18].

40 Déanann CSRanna 2022[19] tagairt, i measc nithe eile, do na dúshláin fuinnimh atá os comhair na mBallstát. In 2021, níor eisigh an Coimisiún aon CSRanna ach amháin moltaí ar staid bhuiséadach na mBallstát faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis[20].

41 Ós rud é nach n-athraíonn an togra forálacha reatha Rialacháin 2021/241 maidir le CSRanna, bheadh ar na Ballstáit a bhfuil Caibidil REPowerEU á moladh acu fós a léiriú gur thug a RRPanna leasaithe aghaidh ar gach ceann nó ar fho-thacar de na CSRanna ábhartha a eisíodh ag an tráth sin. Cé go gcomhfhreagraíonn CSranna 2022 a bhaineann le fuinneamh (e.g. feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú nó bonneagar fuinnimh a fhorbairt) le cuspóirí REPowerEU, téann na CSRanna nach mbaineann le fuinneamh (e.g. iad siúd a bhaineann le pinsin, cánachas nó beartas fioscach) thar scóip na gcaibidlí seo agus dá bhrí sin, tá sé fós míshoiléir conas a chumhdófar iad.

42 Tugaimid ar aire freisin nach soiléirítear i Rialachán 2021/241 agus sa togra cad é atá i gceist le “ábhartha” nó “fothacar suntasach” de CSRanna. Beidh sé sin ag brath ar phlé idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann, agus na cistí atá ar fáil don Bhallstát sin á gcur san áireamh. Dá bhrí sin is ábhar breithiúnais é measúnú a dhéanamh ar a mhéid a thugtar aghaidh ar CSRanna.

An prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”

43 Le Rialachán 2021/241 ní cheadaítear aon bhearta maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadail infheistíochta a chur san áireamh in RRP más é go bhféadfaidís dochar suntasach a dhéanamh don chomhshaol (an prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”).

---

[18] Airteagal 18-19 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/241 agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis.

[19] An Seimeastar Eorpach 2022: Moltaí tírshonracha / Moltaí ón gCoimisiún.

[20] Moltaí tírshonracha do 2019, 2020 agus 2021:Comparáid tábla agus forléargas ar chur chun feidhme, lch. 2.

44 Tugtar isteach leis an togra seo eisceacht don phrionsabal do bhearta "*chun bonneagar fuinnimh agus saoráidí a fheabhsú chun riachtanais láithreacha maidir le cinnteacht an tsoláthair a chomhlíonadh*".

45 Tuigimid gur dócha go mbeidh tionchar ag na bearta i gceist ar an gcomhshaol agus go mbeidh comhbhabhtáil idir an sprioc ag baint le soláthar fuinnimh a dhaingniú agus ceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, ar a laghad sa ghearrthéarma. Ós rud é go ndírítear go láidir san RRF ar chuspóirí glasa agus ar an aeráid, d'fhéadfaí a croíluachanna a chur i mbaol dá dtabharfaí isteach eisceacht ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh". Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ar a laghad léiriú a thabhairt ar an tionchar a bheadh ag bearta a d'fhéadfadh a bheith díobhálach chun na bearta sin a roghnú a bhfuil leibhéal inghlactha tionchar timpeallachta agus aeráide acu i gcomparáid leis an mbreisluach a mheastar go dtabharfaidh siad do chuspóirí REPowerEU.

Tionscadail trasteorann

46 Dé réir an togra seo, oireann tionscadail trasteorann agus bearta le gné trasteorann go háirithe do chuspóirí REPowerEU[21]. Tá an méid sin fíor go háirithe i gcás tionscadal arb é is aidhm dóibh an nasc fuinnimh a fheabhsú idir Ballstáit chun slándáil agus éagsúlú an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú.

47 Go dtí seo, tá teorainn le líon na dtionscadal trasteorann sna RPPanna formheasta, agus ní áirítear sa togra aon ghníomhaíocht shonrach chun tionscadail den sórt sin a dhreasú. Chomh maith leis sin, ós rud é gur féidir caibidlí REPowerEU a thíolacadh ag amanna éagsúla, cuirtear isteach tuilleadh ar thionscadail trasteorann a chuimsiú sna RRPanna.

48 D'ainneoin a dtábhacht straitéiseach maidir le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, tugaimid ar aire gur minic a bhíonn moill ar thionscadail trasteorann nó chodanna trasteorann de thionscadail tosaíochta GTE-F. Mar shampla, beagnach deich mbliana tar éis an sprioc a bhí beartaithe, i measc nithe eile, tá comhtháthú mhargadh leictreachais an Aontais neamhiomlán mar gheall ar acmhainneacht nach bhfuil leordhóthanach d'idirnascairí trasteorann[22].

---

[21] Féach an meabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra.

[22] Tuarascáil ar Fhaireachán an Mhargaidh ACER 2020 – Méid an Mhargaidh Mhórdíola Leictreachais.

49 Leis na dúshláin shonracha seo a thagann chun cinn nuair a bhíonn tionscadail trasteorann á ndearadh agus á gcur chun feidhme, leagtar béim ar an ngá le tionscadail aibí a mholadh do chistiú REPowerEU, agus aird á thabhairt freisin ar an sprioc-am maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé nach n-aireofaí tionscadail trasteorann straitéiseacha sna RRPanna mar thoradh air sin.

Measúnú na gcaibidlí REPowerEU

Nós imeachta measúnaithe agus uainiú

50 Go ginearálta, leanann na nósanna imeachta maidir le measúnú a dhéanamh ar chaibidlí REPowerEU na nósanna imeachta a úsáidtear do RRP ina bhfoirm bhunaidh:

- Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach RRP laistigh de dhá mhí tar éis don Bhallstát é a thíolacadh. Le comhaontú an Bhallstáit, féadfar síneadh de thréimhse réasúnta a chur leis an sprioc-am sin más gá[23]. A luaithe a bheidh measúnú dearfach déanta ar an RRP, eisíonn an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh chur chun feidhme ón gComhairle.

- Bunaithe ar an togra seo, ba cheart don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an RRP a fhormheas laistigh de cheithre seachtaine[24].

- Tar éis don Chomhairle a formheas a thabhairt, cuireann an Coimisiún deireadh le socrú oibríochtúil leis an mBallstát a chumhdaíonn gnéithe teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme amhail amlíne, céimeanna idirmheánacha breise leis na garspriocanna agus spriocanna agus socruithe maidir le rochtain a fháil ar shonraí foluiteacha.

51 Amhail an 4 Iúil 2022, tá a RRPanna curtha isteach ag na Ballstáit uile ach níl socrú oibríochtúil sínithe ach ag 14 acu. Do na 14 chás sin, bhí thart ar 9 mí caite ón am a cuireadh isteach an RRP go dtí síniú an tsocraithe oibríochtúil (féach ***Fíor 2***).

---

[23] Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

[24] Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241.

Fíor 2 – An t-am idir RRPanna a chur isteach agus síniú na socruithe oibríochtúla



* Níl a RRPanna curtha isteach ach ag an Ungáir agus an Ísiltír go dtí le déanaí agus tá measúnú fós á dhéanamh ag an gCoimisiún orthu.

Foinse: CIE

52 Chomh maith leis sin, mar a shonraítear thuas, ní shonraítear sa togra dáta maidir le caibidlí REPowerEU a thíolacadh. Ní luaitear ann ach an méid seo a leanas: "*Beidh caibidil REPowerEU sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tar éis [teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*"[25]

[25] Airteagal 21c de Rialachán leasaithe 2021/241.

53 Dhéanfaí difear diúltach do thráthúlacht chistiú REPowerEU mura mbeadh tráthchlár soiléir ann chun caibidlí REPowerEU a thíolacadh chomh maith leis an am is gá chun measúnú a dhéanamh orthu. Fiú ag glacadh leis go dtógfadh measúnú na gcaibidlí REPowerEU níos lú ama ná measúnú bunaidh ar RRPanna, is beag seans go síneofaí na socruithe oibríochtúla leasaithe roimh lár 2023 nó go mbeadh cistiú ar fáil roimh dheireadh 2023.

Critéar agus rátáil maidir le measúnú chaibidlí REPowerEU

54 Tá measúnú an Choimisiúin ar RRPanna agus ar chaibidlí nua REPowerEU bunaithe ar líon critéar i gceithre chatagóir éagsúla (*ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas*)[26].

55 Ina thogra, tugann an Coimisiún isteach critéar breise chun measúnú a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a áiríodh i gcaibidlí REPowerEU agus liostaítear gnéithe sonracha ann ar cheart a chur san áireamh (féach ***Tábla 2***).

Tábla 2 – Measúnú ar chaibidlí REPowerEU

Critéar	Gnéithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú
"Meastar go rannchuideoidh na bearta [...] go héifeachtach le slándáil soláthair an Aontais don Aontas ina iomláine, go háirithe tríd an soláthar fuinnimh a éagsúlú nó tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030."	"Meastar go ndéanfaidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe an méid seo a leanas: 1. rannchuidiú go mór le feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair ola agus gáis, go háirithe ionas go mbeifear in ann an soláthar a éagsúlú ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine, 2. rannchuidiú go mór le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i bhfoirgnimh, i ndícharbónú tionscail, táirgeadh agus glacadh bhithmheatáin inbhuanaithe, hidrigine inathnuaite nó hidrigine atá saor ó fhoinsí iontaise a mhéadú, agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú; nó 3. aghaidh a thabhairt ar scrogaill sa bhonneagar fuinnimh, go háirithe trí naisc trasteorann le Ballstáit eile a thógáil, nó go dtacóidh sé le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar; lena n-áirítear iarnróid nó 4. tacú go mór le hathcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, chomh maith le tacú le slabhraí luacha i bpríomhábhair agus i bpríomhtheicneolaíochtaí atá nasctha leis an aistriú glas, agus

[26] Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Critéar	Gnéithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú
	5. más rud é go bhfuil nó mura rud é nach bhfuil na bearta agus an míniú [...] comhlántach dá chéile agus tacú go mór le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais a bhaint amach nó le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030 i dteannta le: o bearta sna cinntí cur chun feidhme ón gComhairle atá glactha cheana agus o bearta eile a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU atá le cur chun feidhme ón 1 Feabhra 2022 go dtí 31 Nollaig 2026 gan tacaíocht airgeadais ón Saoráid.”

Foinse: CIE, bunaithe ar an togra

56 Tugtar scála rátála do chritéir uile REPowerEU sna treoirlínte measúnaithe[27]. Dhéanfadh an Coimisiún na caibidlí ó “A” (an ceann is airde) go “C” (an ceann is ísle) a rátáil. Mar sin féin, chun go dtugtar measúnú dearfach do RFF, caithfidh go rátáiltear an critéar REPowerEU “A” (féach ***Tábla 3***).

Tábla 3 – Rátáil chaibidlí REPowerEU

Critéar	Rátálacha rannchuidithe féideartha	Íosrátáil is gá
“Meastar go rannchuideoidh na bearta [...] go héifeachtach le slándáil soláthair an Aontais don Aontas ina iomláine, go háirithe tríd an soláthar fuinnimh a éagsúlú nó tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030”.	**A:** “den chuid is mó” **B:** “chuig méid measartha” **C:** “chuig méid beag”	**A**

Foinse: CIE, bunaithe ar an togra

57 Mar a thugamar ar aire inár dtuairim ar an RRF[28], níl foclaíocht an chritéir agus na gnéithe measúnaithe sonrach i gcónaí (“rannchuidiú go suntasach”, “cur le héifeachtúlacht fuinnimh”). Thairis sin, níl sainmhíniú soiléir sa togra maidir leis an méid atá i gceist le “*bearta a rannchuidíonn” le cuspóirí slándála an tsoláthair fuinnimh nó le spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise “den chuid is mó/chuig méid measartha/chuid méid beag*”. Bheadh sé seo dá bhrí sin mar ábhar breithiúnas

[27] Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán leasaithe (AE) 2021/241.

[28] Tuairim Uimh. 6/2020 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (COM(2020) 408).

cháilíochtúil leis na rioscaí coimhdeacha a ghabhann leis an tionchar féideartha ar RRPanna agus comhsheasmhacht ina measúnú i mBallstáit éagsúla.

58 Go dtí seo, rinne an Coimisiún measúnú ar RRPanna ar a bhfiúntas féin, gan anailís chomparáideach ar bith ar fud na mBallstát. Is mó seans go mbeidh feidhm ag an gcur chuige seo maidir le leasuithe RRPanna, lena n-áirítear caibidlí REPowerEU, toisc nach mbeidh na leasuithe RRPanna sin á gcur isteach ag Ballstáit ag an am céanna. Laghdóidh sé dóchúlacht a bhaineann le tionscadail trasteorann a shainaithint agus a chur chun cinn (féach ***Tionscadail trasteorann***) a bhfuil ról lárnach acu maidir le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach agus a ndéantar tagairt dóibh go sainráite sa tríú ghné mheasúnaithe. Thairis sin, toisc nach bhfuil anailís chomparáideach ann, tá riosca ag baint le comhleanúnachas mheasúnaithe caibidlí REPowerEU agus cuirfeadh sé teorann le scóip ar aon thuairim straitéiseach a mhéid a bhaineann leis an dóchúlacht go rannchuideodh na bearta sna caibidlí sin le cuspóirí REPowerEU ar an iomlán.

59 Is díol sásaimh dúinn an tagairt shonrach do chomhlántacht sa ghné mheasúnaithe dheireanach agus an oibleagáid go gcuirfidh Ballstáit forléargas cuimsitheach ar fáil do na bearta ábhartha uile gan beann ar an bhfoinse cistithe. Titeann bearta atá cistithe ó fhoinsí eile áfach, go háirithe foinsí náisiúnta lasmuigh de shásraí rialaithe RRF agus d'fhéadfaí iad a athrú nó a chúlghairm ag tráth ar bith. Cuireann sé seo teorainn ar shochar na gné measúnaithe seo.

Tuairisciú, faireachán agus meastóireacht

Airteagal 1 ar an togra lena dtugtar isteach Airteagal 21d nua, aithris 21 agus Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an togra, agus pointe 1.4.4 den ráiteas airgeadais reachtach

Na príomhphointí

- D'fhéadfadh an easpa treoraíochta maidir le tuairisciú cur isteach ar fhaireachán agus ar mheastóireacht chuí REPowerEU.
- Níl na táscairí atá molta oiriúnach chun faireachán a dhéanamh ar dul chun cinn i dtreo chuspóirí REPowerEU
- Tiocfaidh an tuarascáil meastóireachta meán-téarma ar an RRF róluath chun faisnéis maidir le cur chun feidhme bearta REPowerEU a sholáthar

60 Leagtar amach i Rialachán 2021/241[29] na hoibleagáidí tuairiscithe do Bhallstáit agus don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo chuspóirí RRF, arna tomhas in aghaidh tacar táscairí comhchoiteanna[30]; ceanglaítear tuarascáil meastóireachta neamhspleách maidir le RRF a chur chun feidhme ag pointí sonracha ama. Faoin togra seo, bheadh infheistíochtaí agus athchóirithe i gcaibidil REPowerEU faoi réir na socruithe faireacháin chéanna le bearta eile i RRP. Tugtar forléargas i ***bhFíor 3*** ar shocruithe tuairiscithe, faireacháin agus meastóireachta faoi Rialachán 2021/241.

Fíor 3 – Faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht RRF 2021-2028

Faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht
Fís 2021-2028



Foinse: CIE.

Tuarascálacha maidir le caibidlí REPowerEU a chur chun feidhme

61 Athdhearbhaíonn an togra gur cheart na socruithe atá ann cheana maidir le tuairisciú faoi RRF a leathnú chuig an gcaibidil REPowerEU.

---

[29] Airteagail 27, 30 agus 31 de Rialachán (AE) 2021/241.

[30] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí tháscairí comhchoiteanna agus gnéithe mionsonraithe an scórchláir téarnaimh agus athléimneachta a leagan amach.

62 Is díol sásaimh dúinn go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tuairisciú ar REPowerEU sa chóras tuairiscithe reatha ar RRF a chur san áireamh. Sa chomhthéacs seo, tugaimid ar aire nach mór don Choimisiún treoraíocht bhreise a thabhairt maidir le hábhar thuarascálacha na mBallstát agus maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis ar cheart dóibh a chur san áireamh a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a fhíorú. Ní mór do thuairisciú an fhaisnéis uile a bhfuil gá leis a chuimsiú chun faireachán agus meastóireacht chuí a dhéanamh ar na bearta i gcaibidlí REPowerEU, agus caithfear aon mhoilleanna agus aon easnaimh ina leith, lena n-áirítear an riosca calaoise agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint nó a mhaolú go cuí.

63 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach sásraí éifeachtacha tuairiscithe calaoise a chur ar bun lena gceadófar faireachán agus maoirseacht leanúnach ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais[31]. Go dtí seo, ní raibh oibleagáid ar bith ag na Ballstáit amhras faoi chalaois san RRF a thuairisciú chuig an gCoimisiún sa bhealach céanna a mhéid a bhaineann sé le scéimeanna eile an Aontais[32].

Faireachán ag an gCoimisiún

64 Bheadh na bearta i gcaibidlí REPowerEU faoi réir na socruithe faireacháin chéanna agus a bheadh bearta RRF eile. Tá na socruithe sin bunaithe ar 14 tháscaire comhchoiteanna maidir le dul chun cinn a thuairisciú i dtreo chuspóirí RRF[33] agus cuimsítear modheolaíocht maidir le caiteachas sóisialta a thuairisciú[34].

---

[31] Féach Tuairim 6/2020 ón gCúirt Iniúchóirí, mír 23.

[32] Tuairiscíonn údaráis Ballstáit cásanna de chalaois amhrasta nó léirithe (agus neamhrialtachtaí eile) chuig an gCoimisiún tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí a óstáladh ag ardán córas faisnéise frith-chalaoise OLAF.

[33] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 lena leagtar amach táscairí comhchoiteanna agus gnéithe mionsonraithe an scórchláir téarnaimh agus athléimneachta.

[34] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 trí mhodheolaíocht a shainiú chun caiteachas sóisialta a thuairisciú.

65 Ina theannta sin, cuireann an togra de cheangal ar an gCoimisiún súil a choinneáil ar dul chun cinn agus éachtaí i ndáil le caibidlí REPowerEU trí na táscairí feidhmíochta seo a leanas[35]:

- líon na bpleananna modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU arna formheas ag an gCoimisiún (tarchur);
- líon na mbeart sna caibidlí REPowerEU a cuireadh chun feidhme (toradh);
- rannchuidiú foriomlán do chuspóirí REPowerEU, agus go háirithe i dtreo deireadh de réir a chéile a chur le spleáchas an Aontais ar ghás ón Rúis (toradh);
- cuspóirí REPowerEU á saothrú sna caibidlí faoi seach, a baineadh amach mar gheall, *inter alia*, ar thacaíocht airgeadais a fuarthas (tionchar).

66 Tugaimid ar aire, áfach, nach bhfuil na táscairí atá molta i gcomhréir iomlán le cuspóirí REPowerEU agus níl siad oiriúnach chun a fheidhmíocht a thomhas. Is táscaire aschuir é an chéad táscaire nach bhfuil nasctha go díreach le cuspóirí thogra REPowerEU nó RRF. Déanann an dara táscaire torthaí REPowerEU a thomhas, cé nach bhfuil nasctha ach go hindíreach leis na cuspóirí. Tá an tríú agus an ceathrú táscaire ag gabháil go díreach le cuspóirí REPowerEU, ach beidh sé dúshlánach measúnú a dhéanamh orthu toisc go bhfuil siad bunaithe ar an toimhde go bhfuil caidreamh simplí cúis/éifeacht ann nach bhfuil ann i ndáiríre – eadhon, go bhfuil nasc ag baint leis na cuspóirí a bhaint amach leis an rannchuidiú foriomlán airgeadais nó méid thacaíocht airgeadais.

67 As na 14 tháscaire comhchoiteanna, tá ceithre tháscaire ann lena n-úsáid le bearta i gcaibidlí REPowerEU: *“coigiltis i dtomhaltas fuinnimh phríomhúil”, “acmhainneacht oibríochtúil bhreise arna suiteáil don fhuinneamh inathnuaite”; “bonneagar breoslaí malartacha (pointí athbhreoslaithe nó athluchtaithe)”; agus “líon rannpháirtithe in oideachas nó oiliúint”.* Ní chumhdaíonn na táscairí comhchoiteanna gnéithe uile REPowerEU, áfach, amhail táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe nó dícharbónú na tionsclaíochta.

[35] Pointe 1.4.4 den ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an togra.

68 Ba cheart an córas faireacháin a bheith ina nasc soiléir idir na táscairí agus na cuspóirí agus na garspriocanna agus spriocanna atá beartaithe[36]. Ba cheart don Choimisiún táscairí a shonrú ar leibhéal leordhóthanach mionsonraí chun faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme bearta REPowerEU a éascú agus chun cuidiú le Ballstáit a acmhainní a úsáid go héifeachtach chun spriocanna comhchoiteanna fuinnimh an Aontais a bhaint amach. D'áiritheofaí leis freisin go mbeadh sonraí ó Bhallstáit éagsúla inchomparáide agus gurféidir iad a chomhiomlánú.

69 Thairis sin, cé go mbeadh an cuspóir REPowerEU chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus soláthar fuinnimh a éagsúlú intomhaiste[37], ní dhéanann an togra cainníochtú ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo i ndáil leis an gcuspóir foriomlán seo ar leibhéal AE – ach amháin sa mhéid a dhéanann sé tagairt do chuspóirí aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050.

70 Ar leibhéal na mBallstát, ceanglófaí le hAirteagal 21c de Rialachán leasaithe 2021/241 a mhíniú cén chaoi a rannchuideodh bearta le cuspóirí REPowerEU, lena n-áirítear cainníochtú ar choigiltis fuinnimh.

71 Sa treoraíocht ón gCoimisiún[38] do na Ballstáit, ceanglaítear orthu ina gcaibidlí REPowerEU, a léiriú go n-éireoidh na hinfheistíochtaí agus athchóirithe chomhfhreagracha le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a thomhas:

- an laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar allmhairí gáis nó breosla iontaise ón Rúis agus an titim a bhfuiltear ag súil leis i dtomhaltas fuinnimh, agus
- nuachóiriú ar bhonneagar eangaí chun dílárú, comhtháthú margaidh nó slándáil fheabhsaithe an tsoláthair a chur chun cinn.

72 Is díol sásaimh dúinn an rún seo chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta sna caibidlí REPowerEU a thomhas agus a thuairisciú. Ní chumhdaíonn na táscairí atá molta ach cuid de chuspóirí REPowerEU, áfach, agus bhainfeadh an t-aon meastachán cainníochtaithe éigeantach le hallmhairí gais ón Rúis a laghdú.

---

[36] "Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr", SWD(2017) 350.

[37] An Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr, lch. 110.

[38] Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU, lch. 27.

Measóireachtaí

73 Ceanglaítear le Rialachán 2021/241 tuarascáil meastóireachta neamhspleách meántéarma ar chur chun feidhme RRF faoi 20 Feabhra 2024, agus tuarascáil meastóireachta neamhspleách *ex post* faoin 31 Nollaig 2028. Ba cheart don mheastóireacht mheántéarma scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag RRF maidir lena chuspóirí a bhaint amach, ar éifeachtúlacht a úsáid acmhainní agus a bhreisluach agus ba cheart, i gcás inarb iomchuí, togra do leasuithe ar an rialachán a bheith ag gabháil leis an meastóireacht. Ba cheart don mheastóireacht *ex post* measúnú domhanda a thabhairt ar RRF agus a tionchar fadtéarmach a mheas.

74 Is dócha gur beag faisnéis ar chur chun feidhme bhearta REPowerEU a chuirfear sa tuarascáil meastóireachta meántéarma, ós rud é nach meastar go n-íocfaí an chéad chistiú REPowerEU go dtí deireanach in 2023, ag brath ar an méid ama a thógann sé an nós imeachta reachtach a chríochnú maidir leis an togra a ghlacadh agus dá réir sin chun na RRPanna a mheas.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ar an 21 Iúil 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Klaus-Heiner Lehne
Uachtarán